

# Polasaithe Naónra Céimeanna Beaga

## Polasaí 19: Outdoor Play



Gleann Aibhne,

Br. An Ghoirt,

Inis,

Co. an Chláir.

Stiúrthóir: Katie Úí Chaoimh, Fón: (086) 2114881

r-phost: naionragmc@gmail.com

Suíomh gréasáin: [www.gmci.ie/naionra](http://www.gmci.ie/naionra)

Version	1.0
Date	Nov 2018
Policy Number	Policy Number 19
Owner	Naónra Céimeanna Beaga
Validity and document management	<p>This document is valid from Nov 1 2018.</p> <p>The owner of this document is the Owner / Manager, who must check and, if necessary, update the document at least once a year.</p> <p>This policy was adopted by Naónra Céimeanna Beaga on 1 Nov 2018.</p> <p>Signed by: <b>Katie Úí Chaoimh;</b> Príomh Stiúthóir on behalf of Naónra Céimeanna Beaga</p>

## Súgradh Faoin Aer

Tá an súgradh faoin aer riachtanach i bhforbairt luath-óige. Foghlaimíonn páistí scileanna sóisialta as a bheith ag idirghníomhú le páistí eile, le daoine fásta agus fiú le hearraí agus le hábhair nádúrtha a aimsítear sa timpeallacht.

Tugann an timpeallacht faoin aer deiseanna do pháistí chun taiscéaladh agus ceistiú a dhéanamh, agus chun teoiricí a forbairt faoi conas a oibríonn rudaí.

Is scileanna iad idirbheartaíocht, teanga agus comhoibriú a fhobraithe trí churaclam allamuigh deaphleanálte. Tá súgradh faoin aer, acláíocht agus aer úr tábhachtach i sláinte agus folláine fhioriomlán an pháiste.

Tá sé mar sprioc again cinntíú go mbíonn na páistí ag súgradh faoin aer gach lá. Is é ár rún, tríd ár gclár allamuigh ná scileanna oll-luaile, comhordaithe agus corpfeasachta a fheabhsú. Tugann sé deiseanna do pháistí chomh maith chun buaileadh le chéile go neamhshrianta agus chun a samhlaíocht agus a tionscnaíocht a úsáid.

Imríonn na páistí cluichí clóis éagsúla, cuid acu atá péinteáilte ar an tarmac, agus úsáideann siad an pháirc i gcomhair siúlóidí dúlra agus gníomhaíochtaí spóirt (mar sacrásáí, rith, cluichí ciorcail srl). Caitheann muid 20 nóiméad taobh amuigh go hiondúil, má bhíonn an aimsir in araíocht dó, agus ansin 20 nóiméad ag súgradh sa halla.

## Polasaí agus Nósanna Imeachta:

Is síneadh de na gníomhartha istigh an t-am allamuigh agus mar sin níor chóir go mbeadh na páistí ag suí síos ach go fíorannamh.

- Ba chóir don fhoireann cinntíú go bhfuil gach limistéar san áit allamuigh faoi mhaoirseacht i gcónaí de bharr láithreacht agus shuíomh na mball fairne san áit súgartha allamuigh agus go bhfuil na páistí ar fad le feiceáil, ar a laghad ag ball fairne amháin, i gcónaí.
- Caithfidh ball fairne an áit súgartha allamuigh a sheiceáil ó thaobh sábháiteachta de sula ligtear do na páistí an áit súgartha alamuigh a úsáid. Déanfar measúnú ar riosca roimh ré.
- Caithfidh na baill fairne **idirghníomhú** leis na páistí le linn an ama súgartha allamuigh. Caithfear an curaclam a úsáid taobh amuigh mar aon le seomra na bpáistí.

#### **Éadaí:**

Tá sé tábhachtach go bhfuil páistí gléasta go cuí do ghníomhaíochtaí amuigh faoin aer. Iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí cinntíú go bhfuil éadaí atá oiriúnach don aimsir ag na páistí.

#### **Sábháilteacht Gréine:**

##### **Iarrfaimid ar thuismitheoirí/chaomhnóirí:**

- Uachtar gréine a chur ar a bpáiste/bpáistí roimh theacht ar scoil. Mar ar an gcéad ásc, tá sé faoi chúram an tuismitheora uachtar gréine a chur ar a bpáiste/bpáistí.
- Más gá é, cuir uachtar gréine le hainm an pháiste ina m(h)ála agus iarr ar bhall fairne an uachtar gréine a chur air/uirthi, déanfaidh an ball fairne a d(h)ícheall chun é seo a dhéanamh.
- Hata gréine a chur ar fáil don pháiste.

##### **Cinnteofar:**

- go gcaithfidh na páistí níos lú ama ag tógáil na gréine ar laethanta an-te.
- i gcás inar féidir, gur féidir le páistí dul ar foscadh ón ngrian agus iad taobh amuigh
- go gcaithfidh páistí hata gréine má chuireann an tuismitheoir ceann ar fail.

#### **Cóimheasa idir Leanaí agus Daoine Fásta:**

Comhlíonfaidh an cóimheas idir daoine fásta agus páistí le linn súgartha allamuigh leis na Rialacháin Réamhscoile, beidh an fhoireann airdeallach maidir le maoirsíú páistí taobh amuigh.

- Beidh deiseanna ag na páistí casadh ar na páistí eile agus idirghníomhú leo.
- Tugtar saoirse do na páistí ábhair shábháilte a roghnú le húsáid taobh amuigh chun a n-acmhainn nádúrtha taiscéalaíochta a mhéadú.
- Beidh an clár faoi stiúir na bpáistí agus molfar réitiú gníomhach d'fhadhbanna.
- Déanfaidh na páistí agus na daoine fásta caidreamh ar bhealach suaimhneach agus nádúrtha.

## Caidrimh

Ba chóir go mbeadh daoine fásta páirteach go gníomhach leis na páistí sna cluichí agus sna gníomhaíochtaí nuair is cuí agus níor chóir go mbeadh siad ann i ról maoirseachta amháin.

Ba chóir go mbeadh na daoine fásta:

- Ag caint leis na páistí i go leor bealaí difriúla (ag déanamh comhrá, ag plé, ag ceistiú, ag múnlú agus ag tráchtairesacht)
- Ag cabhrú le páistí chun fadhbanna a réiteach.
- Ag tacú, ag spreagadh.
- Ag síneadh gníomhaíochtaí na bpáistí trí achmhainní breise a chur ar fáil agus trí smaointí nua a thabhairt.
- Ag cur túis le cluichí agus gníomhaíochtaí.
- Ag glacadh páirte i gcluichí agus gníomhaíochtaí nuair a thugann páistí cuireadh.
- Ag breathnú, as measúnú agus ag taifead.
- Bheith feasach faoi na ceisteanna sábháilteachta.
- Bheith ar an eolas maidir le ceart rochtana cothroime gach páiste ar churaclam ionlán allamuigh atá leathan, cothromaithe, ábhartha agus idirdhealaitheach, beag beann ar chine, chultúr, reiligiún, inscne nó mhíchumas.
- Breathnoireachtaí a mheas chun acmhainní agus taithí cuí a phleanáil.

## Stóráil:

Stóráltear trealamh mar liathróidí, slacáin, téada scipeála, fonsaí, trírothach srl mar is ceart i halla na scoile.

## Sábháilteachta taobh amuigh:

- Ba chóir an áit a sheiceáil i gcomhair salachar ainmhithe.
- Caithfidh baill na foirne a bheith feasach i gcónaí maidir le sábháilteachta na bpáistí faoina gcúram, agus caithfidh siad a bheith airdeallach i gcónaí agus níor chóir go bhfágfaidh siad an áit súgartha le haon chúis riamh ach amháin má tá ball foirne eile tar éis an fhreagracht a ghlacadh uathu.
- Ag deireadh an tseisiúin caithfear féachaint ar an limistéar go gcúramach ar eagla go bhfágfaí páiste taobh amuigh gan mhaoirseacht.
- Níor choir deochanna te a thabhairt go dtí na háiteanna allamuigh.
- Níor chóir mic léinn atá ag cabhrú taobh amuigh a fhágáil i gceannas ar aon limistéar,
- Ba chóir an trealamh a stóráil go ciallmhar agus go cúramach chun gur féidir an trealamh a bhaint amach go sábháilte agus go héasca an chéad lá eile.

- Má ghortaítear páiste, ba chóir é/í a thógáil isteach le haghaidh chóir Leighis chomh tapa agus is féidir más gá; más féidir ba chóir cóireáil a chur ar an bpáiste leis an bhfearas garchabhrach iniompartha taobh amuigh. Ba chóir go bhfanfadhbh an páiste agus an ball foirne in áit a bhfuil radharc ag ball foirne eile orthu le linn coireála.
- Caithfear sonraí an timpiste a scríobh isteach sa leabhar garchabhrach chomh luath agus is féidir. Caithfear tuismitheoir an pháiste a chur ar an eolas maidir leis an timpiste agus leis an gcóireáil.

## **Outdoor Play**

Outdoor play is essential to early childhood development. Children learn social skills by interacting with other children, with adults and even with objects and natural materials found in the environment. The outdoor environment exposes children to opportunities to explore, question and develop theories about how things work. Negotiation, language and co-operation are all skills that develop through a well-planned outdoor curriculum. Outdoor play, physical activity and fresh air are important to children's overall health and well-being.

We aim to ensure that children play outdoors every day. Our intention, through our outdoor programme is to enhance gross motor skills, co-ordination, balance and body awareness. It also gives children opportunities to socialise freely and use imagination and initiative.

Children play various yard games, some of which are painted onto tarmacadam, also use of green field for nature walks and sport activities such as races (sack races, running, circle games etc.). We typically spend 20 minutes outdoors, weather permitting, and then 20 minutes playing in the hall.

### **Policy and Procedures:**

Outdoor time is an extension of indoor activities therefore sitting should be kept to an absolute minimum.

- The staff should ensure that their presence and position in the outdoor play area allows that all areas of the outdoor area are under constant supervision and that all children are in the sight of at least one member of staff, at all times.
- The outdoor play area must be checked by staff for safety before any children use the outdoor play area. A risk assessment will be carried out in advance.
- The staff must **engage** with the children during the outdoor playtime. The curriculum should be used outdoors as well as in the children's room.

### **Clothing:**

It is important that children are dressed appropriately for outdoor activity. Parents/guardians are asked to ensure their children have the appropriate attire for the weather.

### **Sun Safety:**

- Parents/guardians are asked to apply sun cream to their child/children before they attend. As in the first instance, it is the responsibility of the parent to apply sun cream to their child/children.
- If necessary parents/guardians can put sun cream in the child's bag and request the staff member to apply the sun cream, every effort will be made by the staff member to do this and parents/guardians will be required to sign a permission slip.
- Parents/guardians provide a sunhat for children.

**We will ensure that:**

- On very hot days, children will have reduced exposure to sunlight in the middle of the day.
- Where possible, children can seek shade when outside in the sun.
- Ensure that children will wear a sunhat if provided by the parent.

**Adult/Child Ratios:**

The adult/child ratio for outdoor play will comply with the Preschool Regulations, the staff will be vigilant about supervising children outdoors.

- There will be opportunities for children to encounter and interact with each other.
- Children will be given the freedom to select safe materials to use outdoors to build upon their natural sense of exploration.
- The programme will be child-led where active problem solving will be encouraged.
- Children and adults will interact in a relaxed and natural way.

**Interactions:**

Adults should be actively involved with children in their games and activities where appropriate and should not be solely in a supervisory role. Adults should be:

- Talking with children in a variety of ways (conversing, discussing, questioning, modelling and commentating).
- Helping children to find solutions to problems.
- Supporting, encouraging.
- Extending their activities by making extra resources available and providing new ideas.
- Initiating games and activities.
- Joining in games and activities when invited by children.
- Observing, assessing and recording.

- Being aware of safety issues.
- Being aware of every child's equal right of access to a full outdoor curriculum that is broad, balanced, relevant and differentiated regardless of race, culture, religion, gender or disability.
- Evaluating observations in order to plan appropriate resources and experiences.

**Storage:**

Equipment such as balls, bats, skipping ropes, hula-hoops, trikes etc. are stored appropriately in the school hall.

**Outdoor Safety:**

- The area should be checked for animal droppings.
- Staff must always be aware of the safety of the children in their care, be vigilant at all times and never leave the play area for any reason unless another member of staff has taken over responsibility.
- At the end of the session, the areas should be scanned carefully in case children should be left outside unsupervised.
- Hot drinks should not be taken into the outdoor areas.
- Students helping outdoors must never be left in charge of any area.
- All equipment should be stored away sensibly and carefully, to allow for safe and easy removal next day.
- If a child is injured, he/she should be taken indoors for treatment quickly as possible if necessary; if possible, the child should be treated with the portable first aid kit outdoors. Both child and the staff should remain within sight of another member of staff while treatment takes place,
- Details of the accident must be written up as soon as possible in the first aid book. The child's parent must be informed of the accident and treatment.